2024/1750

25.6.2024

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/1750 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 24 Meitheamh 2024**

**maidir leis an údarú ullmhóide arb é atá inti *Levilactobacillus brevis* DSM 23231 mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch a athnuachan agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 399/2014**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le breiseáin lena n-úsáid i gcothú ainmhithe ([1]), agus go háirithe Airteagal 9(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 foráiltear maidir le húdarú breiseán lena n-úsáid i gcothú ainmhithe agus maidir leis na forais agus na nósanna imeachta chun údarú den sórt sin a dheonú agus a athnuachan.

(2) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 399/2014 ón gCoimisiún ([2]) údaraíodh an ullmhóid *Levilactobacillus brevis* DSM 23231 (a sainaithníodh go tacsanomaíoch roimhe seo mar *Lactobacillus brevis* DSM 23231) ar feadh tréimhse 10 mbliana mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch.

(3) I gcomhréir le hAirteagal 14(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003, cuireadh iarratas isteach chun údarú na hullmhóide *Levilactobacillus brevis* DSM 23231 mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch a athnuachan, iarratas inar iarradh go n-aicmeofaí an breiseán i gcatagóir na mbreiseán 'breiseáin theicneolaíocha' agus san fheidhmghrúpa 'breiseáin sadhlais'. Bhí na sonraí agus na doiciméid a cheanglaítear faoi Airteagal 14(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ag gabháil leis an iarratas sin.

(4) Tháinig an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') ar an gconclúid sa tuairim uaidh an 15 Samhain 2023 ([3]) go bhfuil an ullmhóid *Levilactobacillus brevis* DSM 23231 fós sábháilte do gach speiceas ainmhíoch, do thomhaltóirí agus don chomhshaol faoi na coinníollacha úsáide a údaraítear faoi láthair. Tháinig sé ar an gconclúid freisin gur cheart a mheas gur íogróir riospráide é an breiseán agus, ar bhonn na staidéar a cuireadh isteach maidir le sábháilteacht úsáideoirí, gur léiríodh nach greannaitheoir craicinn ná súl é. Ní raibh an tÚdarás in ann teacht ar chonclúid maidir leis an íogrú craicinn a d'fhéadfadh an breiseán sin a dhéanamh. Chuir sé in iúl freisin nach gá measúnú a dhéanamh ar éifeachtúlacht an bhreiseáin toisc nach n-áirítear san iarratas ar athnuachan an údaraithe moladh maidir le coinníollacha an údaraithe bunaidh a leasú nó a fhorlíonadh, ar moladh é a mbeadh tionchar aige ar éifeachtúlacht an bhreiseáin.

(5) Maidir leis na conclúidí agus na moltaí ar ar thángthas le linn an mheasúnaithe a rinneadh i ndáil leis an modh a úsáidtear chun anailís a dhéanamh ar an ullmhóid *Levilactobacillus brevis* DSM 23231 mar bhreiseán beathaithe i gcomhthéacs an údaraithe roimhe seo, mheas an tSaotharlann Tagartha a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 go bhfuil na conclúidí agus na moltaí sin bailí agus infheidhme maidir leis an iarratas atá ann faoi láthair. Dá bhrí sin, i gcomhréir le hAirteagal 5(4), pointe (c), de Rialachán (CE) Uimh. 378/2005 ón gCoimisiún ([4]), níl gá le tuarascáil mheastóireachta ón tSaotharlann Tagartha.

([1]) IO L 268, 18.10.2003, lch. 29, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2003/1831/oj.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 399/2014 ón gCoimisiún an 22 Aibreán 2014 maidir le húdarú na n-ullmhóidí *Lactobacillus brevis* DSM 23231, *Lactobacillus brevis* DSMZ 16680, *Lactobacillus plantarum* CECT 4528 agus *Lactobacillus fermentum* NCIMB 30169 mar bhreiseáin bheathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch (IO L 119, 23.4.2014, lch. 40, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2014/399/oj).

([3]) *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2023;21:e8461.

([4]) Rialachán (CE) Uimh. 378/2005 ón gCoimisiún an 4 Márta 2005 maidir le rialacha mionsonraithe chun Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chur chun feidhme a mhéid a bhaineann le dualgais agus cúraimí Shaotharlann Tagartha an Chomhphobail maidir le hiarratais ar údaruithe breiseán beathaithe (IO L 59, 5.3.2005, lch. 8, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2005/378/oj).

(6) I bhfianaise an mhéid thuas, measann an Coimisiún go gcomhlíonann an ullmhóid *Levilactobacillus brevis* DSM 23231 na coinníollacha dá bhforáiltear in Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003. Dá réir sin, ba cheart údarú an bhreiseáin sin a athnuachan. Ina theannta sin, measann an Coimisiún gur cheart bearta cosanta iomchuí a dhéanamh chun éifeachtaí díobhálacha ar shláinte úsáideoirí an bhreiseáin a chosc. Ba cheart na bearta cosanta sin a bheith gan dochar do cheanglais eile sábháilteachta oibrithe faoi dhlí an Aontais.

(7) Mar thoradh ar údarú na hullmhóide *Levilactobacillus brevis* DSM 23231 mar bhreiseán beathaithe a athnuachan, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 399/2014 a leasú dá réir.

(8) Ós rud é nach gá na modhnuithe ar na coinníollacha maidir le húdarú na hullmhóide *Levilactobacillus brevis* DSM 23231 a chur i bhfeidhm láithreach ar chúiseanna sábháilteachta, is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le hidirthréimhse do na páirtithe leasmhara chun iad féin a ullmhú chun na ceanglais nua a eascraíonn as athnuachan an údaraithe a chomhlíonadh.

(9) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Athnuachan an údaraithe**

Údarú na hullmhóide a shonraítear san Iarscríbhinn, ullmhóid a bhaineann leis an gcatagóir breiseán ‘breiseáin teicneolaíocha’ agus leis an bhfeidhmghrúpa ‘breiseáin sadhlais’, déantar an t-údarú sin a athnuachan faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Iarscríbhinn sin.

*Airteagal 2*

**Leasú ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 399/2014**

San Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh 399/2014, scriostar iontráil 1k20744 a bhaineann le ‘*Lactobacillus brevis* DSM 23231’.

*Airteagal 3*

**Bearta idirthréimhseacha**

An ullmhóid a shonraítear san Iarscríbhinn agus an bheatha a bhfuil an ullmhóid sin inti, nithe a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 15 Iúil 2025 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 15 Iúil 2024, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic atá ann cheana ídithe.

*Airteagal 4*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 24 Meitheamh 2024.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN*

| Uimhir aitheantais an bhreiseáin | Breiseán | Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse | Speiceas nó catagóir ainmhí | Uasteorainn aoise | Íoschion | Uaschion | Forálacha eile | Deireadh na tréimhse údaraithe |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | CFU/kg d'ábhar úr | | | |
| **Catagóir: breiseáin theicneolaíocha. Feidhmghrúpa: breiseáin sadhlais** | | | | | | | | |
| 1k20744 | *Levilactobacillus brevis* DSM 23231 | *Comhdhéanamh an bhreiseáin*<br>Ullmhóid arb é atá inti *Levilactobacillus brevis* DSM 23231 ina bhfuil íoschion 1 × $10^{10}$ CFU/g de bhreiseán<br><br>Foirm sholadach<br><br>*Tréithriú na substainte gníomhaí*<br>Cealla inmharthana *Levilactobacillus brevis* DSM 23231<br><br>*Modh anailíse* ([1])<br>Áireamh *Levilactobacillus brevis* DSM 23231: sa bhreiseán beathaithe:<br><br>— Modh an leata ar phláta ar agar MRS (EN 15787)<br><br>Sainaithint *Levilactobacillus brevis* DSM 23231:<br><br>— Leictreafóiréis Ghlóthaí Bhíogréimse (PFGE) - CEN/TS 17697 nó modhanna seicheamhaithe DNA | Gach speiceas ainmhíoch | – | | – | 1. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, déanfar na dálaí stórála a shonrú.<br>2. Íoschion an bhreiseáin nuair nach n-úsáidtear é i gcomhcheangal le miocrorgánaigh eile mar bhreiseáin sadhlais: 5 × $10^7$ CFU/kg d'ábhar úr.<br>3. Maidir le húsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beatha nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as a n-úsáid. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú le nósanna imeachta agus bearta den chineál sin, is le trealamh cosanta pearsanta don chraiceann agus don análú a úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascáin. | 15 Iúil 2034 |

([1]) Tá sonraí faoi na modhanna anailíse le fáil ag an seoladh seo a leanas sa tSaotharlann Tagartha: https://joint-research-centre.ec.europa.eu/eurl-fa-eurl-feed-additives/eurl-fa-authorisation/eurl-fa-evaluation-reports_en